FRA
EUROPEAN UNION AGENCY
FOR FUNDAMENTAL RIGHTS

Preaseisiúint ó FRA
Vín, 6 Meitheamh 2019

# Éagothroime agus ciapadh ag méadú de réir mar a theipeann ar chosaint na gceart bunúsach

**Tá an baol ann go bhfágfar a lán daoine ar fud an AE chun deiridh, toisc go bhfuil an dul chun cinn mór a rinneadh go dtí seo á chur i mbaol ag éadulaingt agus ag ionsaithe ar chearta bunúsacha daoine, a mhaítear sa Tuarascáil um Chearta Bunúsacha ó FRA don bhliain 2019.**

*"Tá cloigíní aláraim maidir le cearta bunúsacha á mbualadh ar fud an AE de réir mar a fhásann éagothroime, ciapadh agus claontachtaí," a deir Stiúrthóir FRA Michael O'Flaherty. "Teastaíonn freagairtí láidre uainn agus míniú ar an gcaoi a dtéann cearta chun tairbhe dúinn go léir agus a dtugann siad freagraí dúinn ar an éagothroime atá ina mbac ar shochaí chóir chothrom inar féidir le rath a bheith ar gach uile dhuine."*

Sa Tuarascáil um Chearta Bunúsacha i mbliana cíortar na forbairtí agus na heasnaimh ar chosaint chearta an duine le bliain anuas. Ba chlocha míle tábhachtacha suntasacha iad Coinbhinsiún Míchumais (CRPD) na Náisiún Aontaithe a bheith daingnithe faoi 2018 ag Ballstáit uile an AE agus comhaontú sealadach an AE maidir leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht atá beartaithe. Ar bhonn domhanda, le Clár Oibre 2030 agus na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe a ghabhann leis leagtar amach treoirphlean do shaol feabhsaithe ina mbeidh comhionannas, cothrom na Féinne agus síocháin i réim. Ach chun go n-éireoidh leis, ní mór cearta an duine a neadú laistigh díobh de réir mar atá leagtha amach sa tuarascáil ina roinn fócais.

Áirítear ar na mórcheisteanna eile a bhfuil béim orthu sa tuarascáil:

- Tá idirdhealú agus ciapadh ciníoch fós fairsing ar fud an Aontais Eorpaigh. Agus é seo á aithint, ghlac institiúidí an AE bearta chun frith-Sheimíteachas a chomhrac agus chun dul i ngleic le ciníochas i leith Eorpaigh de bhunadh na hAfraice. Tá **ciapadh**, **idirdhealú**, claontacht láidir agus ar **próifíliú eitneach idirdhealaitheach** á bhfulaingt go fairsing i gcónaí ag daoine ar fud an AE mar gheall ar dhath a gcraicinn, a gcreideamh reiligiúnach nó a mbunadh eitneach, de réir torthaí ar shuirbhéanna FRA. Mar shampla, déantar ciapadh ar dhuine amháin as gach cúigear den chine gorm agus beagnach triúr as gach deichniúr Giúdach. Dá bhrí sin, ba cheart do gach Ballstát AE pleananna náisiúnta gníomhaíochta a fhorbairt chun an ciníochas agus an t-idirdhealú ciníoch a chomhrac. Ba chóir dóibh seasamh níos déine a ghlacadh i gcoinne na coireachta fuatha agus na fuathchainte trí eachtraí líomhnaithe a thaifeadadh, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a chur os comhair na gcúirteanna go héifeachtach.
- Rinneadh dul chun cinn ar imeascadh na ndídeanaithe in ainneoin constaicí éagsúla. Mar sin féin, measann beagnach ceathrar as gach deichniúr Eorpach gur fadhb í **an imirce** agus measann beagnach a leath go bhfuil an imirce neamhrialta níos fairsinge ná mar atá i ndáiríre. Tá líomhaintí fós ann go ndéantar imircigh, lena n-áirítear páistí, a bhrú siar, le teann foréigin uaireanta, thar theorainn sheachtrach an AE agus go dtugann na póilíní drochíde dóibh. De bharr gníomhartha den chineál sin is léir an géarghá le gníomh ó na Ballstáit chun stop a chur leis an mí-úsáid sin, agus chun deimhin a dhéanamh de go n-urramaítear dlí tearmainn an AE agus cearta an duine sna nósanna imeachta tearmainn agus fillte.
- Tháinig feabhas beag ar rátaí bochtaineachta leanaí san AE ach fós féin tá 1 as 4 leanbh i **mbaol bochtaineachta**. Ciallaíonn sé seo, i gceann de na réigiúin is saibhre ar domhan, go bhfuil leanaí ag dul a chodladh agus ocras orthu, iad ag maireachtáil faoi dhroch-chúinsí, agus a sláinte agus a gcuid oideachais thíos leis sin. I gcás leanaí ar eachtrannaigh a dtuismitheoirí, tá an ráta chomh hard le 4 as 10. Tá leanaí ó mhionlaigh eitneacha fós á bhfágáil ar an imeall.

Mar shampla, is oideachas leithscartha a bhíonn ar fáil do 15% de leanaí Romacha. Dá bhrí sin, ba cheart don AE agus dá Bhallstáit maoiniú ar leith a chur i leataobh le haghaidh bearta chun bochtaineacht leanaí a laghdú. Ba chóir dóibh freisin feabhas a chur ar a gcuid iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú i leith leanaí ó phobail mhionlaigh chun ionchuimsiú sóisialta agus imeascadh a threisiú.

Tugtar achoimre agus anailís sa tuarascáil ar mhórfhorbairtí i réimse chearta an duine san AE i rith 2018. Déantar moltaí le haghaidh gníomhartha a chuimsíonn Cairt an AE um Chearta Bunúsacha agus úsáid na cairte sin ag Ballstáit; comhionannas agus neamh-idirdhealú; ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar; imeascadh na Romach; tearmann, teorainneacha agus imirce; an tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí; cearta leanaí; rochtain ar cheartas; agus cur chun feidhme choinbhinsiún míchumais na Náisiún Aontaithe.

**Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le do thoil le:** media@fra.europa.eu / Teil.: +43 1 580 30 642